AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉARACHTA 2001**

# EALAÍN

# SCEITSEÁIL BHEO-ÁBHAIR - ARDLEIBHÉAL

**AOINE, 11 BEALTAINE , TRÁTHNÓNA 2.00 - 3.00 p.m.**

## TREORACHA D'FHEITHEOIRÍ AGUS DO MHÚINTEOIRÍ EALAÍNE.

---

Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad cheann. Líníocht a gcuirfear críoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad a bheidh sa dara ceann.

Agus an scrúdú ar siúl beidh sé de chead ag an gcuspa sos idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh. Is féidir an babhta sosa a eagrú mar is cuí ach áireofar é san iomlán de uair amháin an chloig a cheadaítear don scrúdú.

Ceadaítear d'iarrthóirí, más mian leo, cúlra a chur in iúl taobh thiar den chuspa.

Tá sé ceadaithe na tacaí a sceitseáil go garbh.

Glacfar le meán líníochta cuí nó le meán a thriomaíonn go tapa.

Ní cheadaítear do níos mó ná DEICHNIÚIR iarrthóir obair líníochta a dhéanamh le cuspa amháin.

Ní miste ligint d'iarrthóirí suí níos giorra don gcuspa agus an dara staidiúir ar siúl ná mar a rinne siad i gcás na céad staidiúire.

# AN CHÉAD STAIDIÚIR:-



- Is féidir an cuspa a bheith fireann nó baineann.
- Ba chóir go gcaithfeadh an mainicín éadach faoi mar a léirítear sin sa sceitse.
- Seasann an cuspa go suaimhneach, an chos dheas chun tosaigh agus bonn na coise clé sínte feadh na talún.
- Beireann an cuspa lena dhá láimh ar scairf/tuáille atá crapaithe agus crochtadh timpeall ar a m(h)uinéal.
- Bíodh an ghéag chlé lúbtha ag an uillinn agus an lámh chlé i ngreim ar an scairf/tuáille go hard in aice leis an ngualainn chlé, rud a chiallóidh go mbeidh an chuid chlé den scairf/tuáille ag crochadh síos go scaoilte.
- Bíodh an ghéag dheas sínte amach chun tosaigh, lúbtha ag an uillinn agus an lámh dheas i ngreim ar an scairf/tuáille in aice leis an mbun. Is cóir go mbeadh an scairf/tuáille fada go leoir le gur féidir an ghéag dheas a shíneadh amach chun tosaigh ar an gcorp.
- Ba chóir teannas áirithe a bheith sa scairf/tuáille i gcónaí.
- Is gá don chuspa féachaint ar phointe amháin díreach chun tosaigh air/uirthi.
- Ba chóir go mbeadh an aghaidh infheicthe.

## AN DARA STAIDIÚIR:-

- Is féidir an cuspa a bheith fireann nó baineann.

- Ba chóir go gcaithfeadh an mainicín éadach faoi mar a léirítear sin sa sceitse.

- Bíodh an cuspa ar a g(h)lúine, an ghlúin dheas ar an urlár. An ghlúin chlé lúbtha agus bonn na coise clé sínte feadh na talún.

- Ba chóir go mbeadh an aghaidh infheicthe.



- Bíodh an ghéag dheas lúbtha beagáinín beag ag an uillinn agus an lámh dheas ar an nglúin chlé, í suite go compórdach agus go nádúrtha.

- Bíodh an ghéag chlé sínte amach fó chlé agus bord nó balla mar thaca aici. Luíodh an cuspa i dtreo an bhoird nó an balla ionas go mbeidh an chabhail casta beagáinín.

- Bíodh an chuspa ag féachaint ar an urlár in aice leis an gcois chlé, ionas go mbeidh an ceann chun tosaigh agus cromtha.

- Is féidir píosa éadaigh nó tuáille fillte a leagadh ar an urlár faoin nglúin dheas le go mbeidh an cuspa níos compórdaigh.